Bánú na tuaithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine óga ag imeacht ó cheantair tuaithe na tíre. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

Cad a dhéanann na heagraíochtaí seo a leanas?

Cumann Lúthchleas Gael
Cumann Lucht Cónaithe na Tuaithe
Cumann Feirmeoirí Éireann

Tugaigí buille faoi thuairim mura bhfuil sibh cinnte!

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. conference/congress _____
2. of its kind _____
3. are being depopulated _____
4. on the emigration road _____
5. it's time for action _____
6. participation _____
7. we should _____
8. township councillors _____
9. the organisers _____
10. some ideas and proposals _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cén fáth ar eagraíodh an chomhdháil i dTrá Lí?
2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Jerome Ó Conbhuí
Liam Ó Néill
An Dr. Brendan O'Keefe
Seán Kelly

Ceist 4 '…is tábhachtaí…'

Líon na bearnaí sa cholún ar dheis leis an bhfoirm cheart den aidiacht.

Aidiacht	**Tar éis *níos* agus *is***
Rua	níos rua
Daor	
Teicniúil	
Muiníneach	
Tábhachtach	
Imníoch	
Deacair	

Cad faoi na cinn seo?

Beag, mór, deas, maith, olc agus álainn.

Ceist 5 '…Iar-Chathaoirleach…'

Tá go leor focal sa Ghaeilge leis na réimíreanna 'iar' agus 'réamh'. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí thíos a líonadh leis na focail sa bhosca?

iarbháis	iarscoláire	réamhobair
réamhrá	réamhphósta	iarcheannaire

1. Bíonn ar lánúineacha atá le pósadh san Eaglais Chaitliceach freastal ar chúrsa _____.

2. Eagraíodh cóisir do gach _____ Phobalscoil Ghaoth Dobhair.

3. Bíonn _____ pháirtí Fhianna Fáil go mór i mbéal an phobail i gcónaí.

4. Is minic a éilíonn Gardaí scrúdú _____ agus iad i mbun imscrúdaithe.

5. De ghnáth bíonn _____ i leabhair acadúla.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil daoine óga na tíre ag dul ar imirce faoi láthair, dar leat?
2. Ar mhaith leat féin dul ar imirce?
3. Cén dochar a dhéanann sé do cheantar, má tá easpa daoine óga ann, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. conference/congress	*comhdháil*
2. of its kind	*dá leithéid*
3. are being depopulated	*á mbánú*
4. on the emigration road	*ar bhóthar na himirce*
5. it's time for action	*tá sé in am gníomhaíochta*
6. participation	*rannpháirtíocht*
7. we should	*ní mór dúinn*
8. township councillors	*comhairlí bailecheantair*
9. the organisers	*an lucht eagraithe*
10. some ideas and proposals	*roinnt smaointe agus tograí*

Ceist 3

1. Tháinig dreamanna éagsúla le chéile chun plé a dhéanamh ar bhánú na tuaithe in Éirinn agus chun ceist na himirce a chíoradh. Eagraíodh an chomhdháil chun tabhairt faoi athbheochan na tuaithe. I measc na ndreamanna bhí Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Feirmeoirí Éireann agus Lucht Cónaithe Tuaithe.
2. **Jerome Ó Conbhuí**: Deir sé go dtiocfaidh leigheas ar an scéal anois agus go bhfuil sé in am gníomhaíochta. Tá coiste beag curtha le chéile acu agus chuaigh siad chun cainte le polaiteoirí agus le hairí.
   Liam Ó Néill: Deir sé gur cheart do na heagraíochtaí éagsúla teacht le chéile agus airgead a bhailiú le chéile. Ansin thiocfadh leo airgead a lorg ón rialtas chun poist a chruthú amuigh faoin tuath.
   An Dr. Brendan O'Keefe: Deir sé gurb é an rannpháirtíocht an rud is tábhachtaí agus gur cheart an próiseas pleanála a athchóiriú; agus níos mó cumhachta a thabhairt do chomhairlí bailecheantair.
   Seán Kelly: Deir sé nach féidir leo dul chun cinn a dhéanamh go dtí go bhfuil na heagraíochtaí ar fad ag comhoibriú. Tá struchtúr agus moltaí acu anois tar éis na comhdhála agus níl le déanamh ach iad a chur i bhfeidhm.

Ceist 4

Aidiacht	**Tar éis *níos* agus *is***
Rua	níos rua
Daor	níos daoire
Teicniúil	níos teicniúla
Muiníneach	níos muiníní
tábhachtach	níos tábhachtaí
Imníoch	níos imníche
deacair	níos deacra

Beag: níos lú agus is lú
Mór: níos mó agus is mó
Deas: níos deise agus is deise
Maith: níos fearr agus is fearr
Olc: níos measa agus is measa
Álainn: níos áille agus is áille

Ceist 5

1. Bíonn ar lánúineacha atá le pósadh san Eaglais Chaitliceach freastal ar chúrsa **réamhphósta**.
2. Eagraíodh cóisir do gach **iarscoláire** Phobalscoil Ghaoth Dobhair.
3. Tá **iarcheannaire** pháirtí Fhianna Fáil go mór i mbéal an phobail i gcónaí.
4. Is minic a éilíonn Gardaí scrúdú **iarbháis** agus iad i mbun imscrúdaithe.
5. De ghnáth bíonn **réamhrá** i leabhair acadúla.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Ó dheas, d'eagraigh Lucht Cónaithe Tuaithe i gContae Chiarraí comhdháil i dTrá Lí inniu i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann na bhFeirmeoirí sa gContae[1], le tabhairt faoi athbheochan na tuaithe. Seo é an chéad chomhdháil dá leithéid riamh sa tír.

Barraí Mescall
Le sé nó ocht de bhlianta anuas tá ceantair tuaithe na tíre seo á mbánú leis na mílte duine óg bailithe leo ar bhóthar na himirce. Ach i dTrá Lí inniu tháinig Cumann Lucht Cónaithe na Tuaithe i gCiarraí mar aon le Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann Feirmeoirí Éireann sa chontae le chéile chun cíoradh a dhéanamh ar an scéal.

Jerome Ó Conbhuí, Iar-Chathaoirleach Bhord an Chontae, CLG
Chuireamar coiste beag le chéile agus chuamar ag plé leis na polaiteoirí agus leis na hairí agus a leithéid agus ár dtuairim anois ná go dtiocfaidh an leigheas ar an scéal ón mbun aníos.
Barraí Mescall
Tá sé in am gníomhaíochta mar sin.
Jerome Ó Conbhuí, Iar-Chathaoirleach Bhord an Chontae, CLG
Sin é díreach é.

Liam Ó Néill, Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael
Bhuel dá mbeadh Cumann Lúthchleas Gael, baill an Chumainn Lúthchleas Gael ar an talamh[2] in ann comhoibriú le baill de Chumann Feirmeoirí Éireann agus an IRDA, d'fhéadfaimis le chéile, airgead a chur le chéile, a bhailiú i bpobail timpeall na tíre agus ansin bheadh muid in ann dul go dtí an rialtas agus a rá: 'An féidir leatsa cur leis an airgead seo agus is féidir linn daoine a fhostú amuigh faoin tuath.'

An Dr. Brendán O'Keefe, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
Is é rannpháirtíocht an rud is tábhachtaí. As sin amach, ba chóir dúinn athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála agus ní mór dúinn na comhairlí bailecheantair a choimeád agus cumhacht a thabhairt dóibh sa phróiseas pleanála mar a dhéantar ar fud na hEorpa.

Seán Kelly, Feisire Eorpach
Ní féidir linn dul chun cinn (a dhéanamh) má bhímid go léir ag dul ar bhóithre éagsúla agus anois tar éis na comhdhála seo tá struchtúr againn, tá moltaí againn agus caithfimid iad sin a chur i bhfeidhm.

Barraí Mescall
Tá sé i gceist ag lucht eagraithe na comhdhála roinnt smaointe agus tograí a bhunú as imeachtaí an lae inniu faoin dtuath[3]. Nuair a bheidh toradh orthu siúd, tá sé i gceist acu dul go dtí na polaiteoirí áitiúla agus cabhair a lorg uathu siúd ag an bpointe sin.

[1] *sa + urú* atá i nGaeilge Chonnachta. *Sa + h* atá sna canúintí eile.
[2] *ar an dtalamh* a deirtear i nGaeilge na Mumhan. *Ar an talamh* atá sna canúintí eile.
[3] *faoin dtuath* a deirtear i nGaeilge na Mumhan. *Faoin tuath* atá sna canúintí eile.